

An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Cigireacht Ábhair ar Bhéarla
TUAIRISC**

**Pobalscoil Ghaoth Dobhair
Doirí Beaga, Contae Dhún na nGall
Uimhir Rolla: 91409A**

Dáta na cigireachta: 02 Márta 2011



**A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S**

TUAIRISC AR CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAIS SA BHÉARLA

TUAIRISC CHIGIREACHT ÁBHAIR

Scríobhadh an tuairisc seo tar éis cigireacht ábhair i bPobalscoil Ghaoth Dóbhair. Leagann sé amach tátail na meastóireachta maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Bhéarla agus déanann moltaí d'fhorbairt theagasc an ábhair seo sa scoil. Rinneadh an mheastóireacht thar lá amháin inar thug an cigire cuairt ar sheomraí ranga agus inar breathnaíodh an teagasc agus an fhoghlaim. Bhí caidreamh ag an gcigire leis na scoláirí agus leis na múinteoirí, scrúdaíodh obair na scoláirí agus rinneadh plé leis na múinteoirí. D'athbhreithnigh an cigire doiciméid phleanála na scoile agus ullmhúchán scríofa na múinteoirí. Tar éis na cuairte meastóireachta, thug an cigire aiseolas ó bhéal ar thorthaí na meastóireachta don phríomhoide agus do na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

Iar-bhunscoil chomhoideachais is ea Pobalscoil Ghaoth Dobhair atá lonnaithe i nGaeltacht Dhún na nGall. Cuirtear oideachas ar fáil trí mheán na Gaeilge. Faoi láthair, tá 300 scoláirí ar an rolla. I measc na gclár atá ar fáil sa scoil tá an Teastas Sóisearach, an Idirbhliain, an Ardeistiméireacht bhunaithe, Gairmchlár na hArdeistiméireachta (GCAT) agus an Ardeistiméireacht Fheidhmeach (ATF).

Cothaíonn na socrúithe um chruthú ranga sa timhriall sóisearach an rannpháirtíocht i gcúrsa ardleibhéil an Bhéarla. Bunaítear dhá rang-ghrúpa le cumas measctha agus tríú rang-ghrúpa ardleibhéil i ngach ceann de na trí bliana. Tá comhuaineacht ar an amchlár a cheadaíonn do scoláirí rang-ghrúpaí a athrú go héasca más mian leo leibhéil a athrú do cheachtanna Béarla. Moltar an scoil agus roinn an Bhéarla as scoláirí a spreagadh chun a gcumas sa Bhéarla a bhaint amach. Léiríonn athbhreithniú ar thorthaí na scrúduithe teistiméireachta go mbíonn gnóthachtáil na scoláirí ag caighdeán maith agus go n-éiríonn go han-mhaith leo gráid arda a fháil ar chúrsaí gnáthleibhéil. Tugann sé seo le fios go bhfuil scóip bhreise ann chun roghnú na gcúrsaí ardleibhéil a ardú, ach go háirithe don Ardeistiméireacht.

Tá an soláthar ar an amchlár do theagasc agus foghlaim an Bhéarla go maith. Déantar suntas de dháileadh ceithre cheacht in aghaidh na seachtaine chun an cúrsa Béarla agus Cumarsáide a sholáthar do scoláirí ATF. Léiríonn an leibhéal soláthair seo an cúram a ghlactar sa scoil go dtugtar gach tacaíocht do scoláirí a gcumas a bhaint amach ar an gclár seo. Tá an dáileadh de sé thréimhse in aghaidh an seachtaine sa chúigiú bliain agus sa séú bliain do scoláirí Ardeistiméireachta an-mhaith. Tugadh faoi deara, áfach, go bhfuil dáileadh na gceachtanna do scoláirí na céad bliana míshásúil, toisc nach múintear an t-ábhar ach ar thrí lá in aghaidh na seachtaine. Moltar go ndéanfaí é seo a réiteach. Is é an deachleachtas go mbeadh teagmháil ag scoláirí leis an ábhar ar a laghad ceithre lá de na cúig lá atá ar fáil.

Tá ceathrar múinteoirí freagrach as an gclár Béarla a sholáthar sa scoil. Tá na múinteoirí seo cáilithe go cuí chun an t-ábhar a mhúineadh go dtí an leibhéal is airde. Bhí fianaise ann go

ndéantar múinteoirí a dháileadh i gcoitinne chuig rang-ghrúpa do fhad chúrsa agus go mbíonn uainíocht chothrom ann de mhúinteoirí thar cláir agus leibhéil.

Tá soláthar ginearálta acmhainní don ábhar an-mhaith, ach go háirithe rochtain ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC). Tá teilgeoir sonraí ann sna seomraí ranga ar fad, atá ceangailte i líonra chun rochtain ar an idirlíon. Dáileadh a gcuid ríomhairí glúine féin ar na múinteoirí agus tá amharcléiritheoir ar fáil sa scoil freisin. Le linn na cigireachta seo, baineadh úsáid an-mhaith as na hacmhainní seo chun tacú le teagasc agus foghlaim. Tá leabharlann bheag ar fáil sa scoil ach tá an stoc leabhar as dáta agus mar sin tá rochtain na scoláirí ar réimse d'ábhar léitheoireachta d'ardchaighdeán teoranta. Moltar na pleananna atá ann sa scoil chun stoc na leabharlainne a athnuachan. Tá comhairle chuiditheach ar an ábhar seo ar fáil ar shuíomh gréasáin Chumann Leabharlann Scoile (www.slari.ie). Oibríonn na múinteoirí Béarla go díograiseach chun iontais na léitheoireachta a chothú, agus léitheoireacht phearsanta a spreagadh san áireamh. Glacann scoláirí páirt i dtogra léitheoireacht beirte le bunscoil áitiúil agus léiríonn cáipéisí pleanála curaclaim go scríobhann scoláirí léirmheasanna leabhair réasúnta rialta le linn an timthrialla shóisearaigh.

Moltar an scoil as éagsúlacht na ngníomhaíochtaí comh-churaclaim atá ar fáil do scoláirí agus tugann siad seo deiseanna dóibh na scileanna a fhoghlaimíonn siad sa rang a chleachtadh. Spreagtar na scoláirí le cur isteach ar chomórtais don scríbhneoireacht chruthaitheach, mar shampla. Déantar turais a eagrú chuig an amharclann chun léirithe gairmiúla a fheiceáil de na drámaí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu do scrúduithe. Moltar iarrachtaí na múinteoirí chun cumas agus muinín a scoláirí a fhorbairt.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

Faoi láthair tacaíonn an bhainistíocht le pleanáil agus forbairt ábhair trí dháileadh an ama do chruinnithe roinne gach téarma. Bhain na múinteoirí leas an-mhaith as an áis seo agus léirigh na cáipéisí pleanála a cuireadh i láthair go raibh pleanáil curaclaim de cháilíocht an-ard ann. Ba léir go bhfuil cur chuige struchtúrtha agus comhoibríoch glactha i leith teagasc an Bhéarla.

Baineadh úsáid mhaith as an teimpléad pleanála a chuir an Tionscnamh um Phleanáil Forbartha Scoile (TPFS) ar fáil chun cur síos ar ghnéithe eagraíochta agus curaclaim den Bhéarla sa scoil. Léiríonn na cáipéisí go soiléir cé mar atá dul chun cinn pleanáilte ón gcéad bhliain ar aghaidh i bhforbairt scileanna scríbhneoireachta, léitheoireachta agus cumarsáide béil scoláirí. Láidreacht ar leith is ea staidéar ar scannáin a thabhairt isteach go luath sa timthriall sóisearach agus déantar nóta an-dearfach freisin den sannadh de liosta dánta le fiosrú sa dara bliain. Déanann na pleananna don timthriall sinsearach tagairt go sainiúil go bhfuil sé mar mhór-aidhm na scoláirí a spreagadh chun a dtuairimí a chur in iúl. Tá sé seo go han-mhaith agus ba léir sna ceachtanna a breathnaíodh go bhfuil an cur chuige seo i bhfeidhm ar fud na scoile.

Cuireadh plean scríofa do Bhéarla san Idirbhliain. Léirigh sé seo clár bríomhar, dírithe ar ghníomhaíochtaí as Béarla. Tá scoláirí na hIdirbhliana gafa le togra um léitheoireacht chomhroinnte leis an mbunscoil áitiúil, mar a luaitear thuas, agus déanann siad staidéar ar mhodúil i Staidéar Scannán agus Drámaíocht, a bhfuil treoshuíomh an-phraiticiúil acu beirt. Chinntigh na pleananna don Bhéarla agus Cumarsáid sa rang LCA gur tugadh deiseanna do na scoláirí úsáid teanga a staidéar i réimse d'fhíor-chomhthéacsanna cumarsáide. Tá fócas maith ar shuim na scoláirí a chothú sa litríocht agus, mar thaca leis an aidhm sin, moltar dos na múinteoirí a bheith níos uaimhianáí ina rogha téacsanna don léitheoireacht san LCA.

Tá dlúthchaidreamh idir an roinn tacaíochta foghlama agus na múinteoirí Béarla agus léiríodh é seo i bplean na roinne. Tá na múinteoirí Béarla ar an eolas faoi riachtanais foghlama na scoláirí ina ranganna agus déanann siad pleanáil dá réir. Léirigh an breathnú ar na ceachtanna go bhfuil dea-dhifreáil ann sa chaoi is gur féidir leis na scoláirí uilig páirt a ghlacadh de réir a gcumas.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

Ó tharla go raibh na scrúduithe réamh-theistiméireachta ar siúl ag am an mheasúnaithe, níor breathnaíodh ach ceachtanna i mBéarla i ranganna nárbh ranganna do scrúduithe teistiméireachta iad amháin. Bhí cáilíocht na pleanála dos na ceachtanna aonair a breathnaíodh an-ard. I ngach cás, chuir múinteoirí téama an cheachta i láthair na scoláirí agus, i roinnt cásanna, thug cur síos ar thorthaí foghlama ar leith. I gceacht amháin, breathnaíodh an-deachleachtas áit a raibh aidhm, imlíne an cheachta agus obair bhaile scríofa go soiléir ar an gclár sular tháinig na scoláirí isteach sa rang. Sna ceachtanna uilig, cuireadh scoláirí ar an eolas faoi chuspóir agus treo a gcuid foghlama. Chuidigh gnásanna tosaigh le dea-atmasféar oibre a chruthú i dtreo is nach gcaillfí am teagaisc ar bith. Bhí luas agus ábhar gach ceachta oiriúnach go ginearálta don rang-ghrúpa agus baineadh úsáid éifeachtúil as an am.

Bhain múinteoirí úsáid as éagsúlacht mhaith de straitéisí chun tacú leis na scoláirí chun dul i ngleic leis na téacsanna a bhí á staidéar. I gceacht ar an bhfilíocht, chonacthas úsáid an-mhaith á bhaint as meabharmhapáil chun a raibh ar eolas ag na scoláirí cheana féin faoin bhfile a ghabháil. I gceacht eile, múineadh coincheap nua ‘bréagríocht’ roimh ré chun tacú le teagmháil na scoláirí le téacs drámaíochta. Úsáideadh na hacmhainní a bhí ar fáil i seomraí ranga go fónta, freisin. I gceacht drámaíochta, bhí bailiúchán de mhascanna curtha ar fáil ag an múinteoir, a spreag plé faoi na carachtair sa dráma agus a gcuid iompraíochtaí sa radharc a bhí á staidéar. Úsáideadh an teilgeoir sonraí i gceacht ar phóstaí scannáin chun téacsanna dílse a thabhairt do scoláirí le plé. Cheadaigh na modhanna seo dos na scoláirí teacht ar a dtuiscint féin ar théacsanna staidéir, agus an tuiscint sin a mhúnlú, ar bhealach an-éifeachtúil. Mar thoradh air sin, tacaíodh go maith leo san ullmhúchán don scríbhneoireacht agus an obair dhúshlánach sin - píosa substaintiúil saothair a struchtúru agus a fhorbairt.

Bhí béim an-dearfach ar mhúnlaí maithe a sholáthar d’obair béil agus scríofa scoláirí sna ceachtanna uilig. Bhí teanga na múinteoirí soiléir agus míníodh mór-choincheapa agus foclóir go soiléir dos na scoláirí agus rinneadh athrá mar ba ghá. Mar shampla, tugadh múnla de litir chuig scoláirí a bhí ag cleachtadh scríbhneoireachta litreacha. Sna ceachtanna uilig a breathnaíodh, níor ghlac na múinteoirí leis go raibh na scoláirí eolach ar fhoclóir a bhain go sainiúil le topaicí agus i ngach ceacht bhí samplaí de mhúineadh coincheapa an-mhaith.

Cuireadh ceisteanna sna ceachtanna uilig a breathnaíodh lena chinntiú go raibh na scoláirí ag cloí le tasc agus ag foghlaim. Ba dheas an rud é gur chuir na múinteoirí ceisteanna dúshlánacha, á meaitseáil le cumas na scoláirí. Mar shampla, i roinnt ceachtanna, tugadh deiseanna do scoláirí a gcuid eolais a thaispeáint agus a dtuairimí pearsanta a thabhairt, á dtacú ag fáthanna agus samplaí. Tá sé seo ag teacht le haidhm roinn an Bhéarla scoláirí a spreagadh chun iad féin a chur in iúl. D’éirigh leis seo sna ceachtanna a breathnaíodh, cuid toisc gur thug múinteoirí dóthain ‘ama feithimh’ do scoláirí chun smaoineamh trína bhfreagraí sular thug siad an freagra os ard. Rinneadh suntas den chaighdeán an-ard a bhí ar a raibh le rá ag scoláirí sa phlé ranga.

Bhí na leabhair nótaí agus cóipleabhair a scrúdaíodh le linn na cigireachta in ord agus in eagar agus iad ina bhfoinse mhaith d'athdhéanamh na scoláirí. Léirigh a gcuid oibre scríofa réimse chumas na scoláirí sa scoil. Léirigh caighdeán na hoibre gur éirigh leis na múinteoirí teagasc na teanga a chomhtháthú i staidéar na litríochta, sa chaoi is gur múineadh an gramadach agus an chomhréir i gcomhthéacs. Léirigh na scoláirí eolas an-mhaith ar na téacsanna agus an-chumas an t-eolas sin a úsáid go maith chun áiteamh a chur chun cinn. Tréith shuntasach de thromlach na gcóipleabhar a scrúdaíodh ab ea an chothromaíocht a baineadh amach idir scríbhneoireacht fhoirmiúil, ceachtanna sa léirmheastóireacht liteartha agus scríbhneoireacht phearsanta. Tá deis faighte ag scoláirí thar gach ceann de na rang-ghrúpaí ar tugadh cuairt orthu scríobh in éagsúlacht d'fhoirmeacha agus do réimse cúiseanna. Déantar suntas den dlúth-fhócas ar cheisteanna a cuireadh, chomh maith le húsáid éifeachtúil den athfhriotal agus tagairt, in obair scríofa na scoláirí thar an réimse cumais.

Mar achoimre, bhí fianaise ann de theagasc agus foghlaim den scoth ar fud na gceachtanna.

MEASÚNÚ

Úsáidtear réimse de mhodhanna meastóireachta chun cumas agus dul chun cinn scoláire a mheas. Áirítear ceistiúchán sa rang agus ceachtanna obair bhaile a chur chun fáil an tuisceana a sheiceáil agus chun deiseanna a thabhairt do scoláirí scileanna nua-aimsithe a chleachtadh. I roinnt cásanna, aithnítear go bhfuil tascanna obair bhaile curtha i gcrích le 'tic-mharcáil'. I gcásanna eile, glactar leis an deis chun aiseolas forbartha a thabhairt agus tugtar nótaí tráchta gonta scríofa. Cé go dtugann na múinteoirí uilig aiseolas níos sonraí do scoláirí nuair a cheartaítear an obair bhaile sa rang bíonn sé seo, ó bhunús, réasúnta ginearálta agus ní féidir leis díriú ar obair an scoláire aonair. Moltar go bhféadfaí úsáid níos mó a bhaint as marcáil tráchta, toisc go ligeann sé don múinteoir réimse atá le forbairt a aithint agus an obair atá déanta ag an scoláire a dhearbhu. Mar bhealach chun tógáil ar an obair an-mhaith atá le feiceáil sa scoil, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar dheiseanna a thabhairt do scoláirí critéirí cuí a aithint chun a gcuid oibre a mheas, roimh an chéim scríofa, agus chun féin-mheastóireacht a dhéanamh, ag baint úsáide as na critéirí sin. Is féidir leis seo cuidiú le scoláirí a gcuid oibre a mhúnlú, scileanna aimsithe a chleachtadh, agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid dul chun cinn féin.

Bíonn scrúduithe tí ann ag an Nollaig agus ag deireadh téarma an tsamhraidh do ranganna nach ranganna scrúduithe iad. Cé go dtugtar páipéar comónta dos na scoláirí sa chuid is mó de na ranganna cumas measctha sa timthriall sóisearach, moltar go leathnófaí é seo chun lucht na céad bliana ar fad a chuimsiú, chun tacú le monatóireacht ar shocrúchán na scoláire. Déantar meastóireacht ar an dul chun cinn ag scoláirí sa tríú bliain agus sa chúigiú bliain ag an Nollaig agus le scrúduithe réamh-theistiméireachta i mí Feabhra/Márta.

Coinníonn múinteoirí taifid an-mhaith de gnóthachtáil na scoláirí agus is iad seo atá mar bhunús leis na tuairiscí chuig tuismitheoirí a eisítear dhá uair sa bhliain. Coinnítear tuismitheoirí ar an eolas freisin faoi dhul chun cinn a leanaí trí bhealaí éagsúla, lena n-áirítear an dialann obair bhaile, a úsáidtear mar bhealach cumarsáide rialta idir baile agus scoil. Bíonn cruinnithe bliantúla tuismitheoirí-múinteoirí ann do gach bliainghrúpa agus is féidir le tuismitheoirí bualadh leis an múinteoir cuí chun dul chun cinn a linbh a phlé, ach coinne a dhéanamh.

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

Seo a leanas príomhchinntí na meastóireachta:

- Tá tacaíocht mhaith scoile uile ann don Bhéarla sa scoil seo. Tá an soláthar ar an gclár ama don ábhar go maith agus tá rochtain ag na múinteoirí ar TFC ina seomraí ranga.
- Tá an fhoireann teagaisc Bhéarla an-chomhoibríoch agus machnamhach agus dá bhrí sin tá pleanáil ábhair de chaighdeán an-ard ann.
- Bhí caighdeán an-ard sa réamhphleanáil do cheachtanna agus tugadh faoi deara go raibh na straitéisí a d'úsáid na múinteoirí sna ceachtanna a breathnaíodh thar a bheith éifeachtúil in éascú fhoghlaim na scoláirí.
- Mar thoradh ar fhócas gníomhaíocht-bhunaithe na hoibre a phleanáiltear don Bhéarla i gclár na hIdirbhliana cruthaítear deiseanna d'fhoghlaim fhéindhírthe agus neamhspleách.
- Bhí fianaise ann de theagasc agus foghlaim de chaighdeán an-ard ar fud na gceachtanna.
- Tá caighdeán an-mhaith foghlama bainte amach ag scoláirí thar na leibhéil cumais uilig.

Déantar na mórmholtaí seo a leanas ar mhaithe le cur leis na buanna seo agus le réimsí forbartha a aithint:

- Ba chóir na socrúite amchláraithe reatha don rang sa chéad bhliain a athbhreithniú sa chaoi is go mbeidh ceachtanna i mBéarla ag scoláirí ar cheithre cinn de na cúig lá atá ar fáil.

Eagraíodh cruinnithe iarmheastóireachta leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí Béarla ag deireadh na meastóireachta mar ar cuireadh i láthair agus ar pléadh na dréacht-chinntí agus moltaí.

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Tá muid thar a bheith sásta leis an tuairisc

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Glacann muid go hiomlán leis an mholadh amháin a rinneadh ag deireadh na tuairisce.